



An Bhruiséil, 6 Márta 2026
(OR. en)

7112/26

JEUN 38
SOC 140
POLGEN 58
EDUC 76
EMPL 57
GENDER 20
AG 43
ENV 205
ECOFIN 300
COMPET 291
FREMP 92

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	5 Márta 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 110 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Straitéis um Chothroime Idirghlúine

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 110 final.

Faoi iamh: COM(2026) 110 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.3.2026
COM(2026) 110 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

Straitéis um Chothroime Idirghlúine

{SWD(2026) 80 final}

1. Réamhrá

Cuirtear in iúl sa **straitéis maidir le cothroime idirghlúine** uaillmhian an Choimisiúin Eorpaigh a áirithiú go gcuirfidh roghanna an lae inniu go dearfach leis na deiseanna a bheidh ann amach anseo freisin, agus go roinnfear na tairbhí agus na freagrachtaí go cothrom ar fud na n-aoisghrúpaí. Is é is aidhm dó cineálacha cur chuige beartais a chur chun cinn lena gcomhcheanglaítear rathúnas agus folláine eacnamaíoch, freagracht chomhshaoil, comhtháthú sóisialta agus críochach, inbhuanaitheacht fhioscach agus rannpháirtíocht dhaonlathach. Tá sé d'aidhm aige freisin cur le guthanna daoine óga toisc gurb iad todhchaí an Aontais iad agus dlúthpháirtíocht idir na glúine a áirithiú.

Tá ceann de na leibhéal comhionannais deiseanna is forbartha ar domhan bainte amach ag an Aontas, le tacaíocht ó gheilleagar margaidh iomaíoch, samhlacha sóisialta láidre agus seirbhísí poiblí cuimsitheacha ardcháilíochta. I ndomhan ina bhfuil an éagobhsaíocht ag dul i méid agus ina bhfuil dlús á chur leis an athrú domhanda, ina bhfuil athmhúnú á dhéanamh ag treochtaí fadtéarmacha déimeagrafacha, teicneolaíoch, eacnamaíoch, sóisialta, aeráide agus comhshaoil ar an gcaoi a gcruthaítear agus a roinntear deiseanna, tá sé fíorthábhachtach aird athnuaithe a thabhairt ar chothroime idirghlúine. Cuideoidh sé sin lena áirithiú go leanfaidh na deiseanna atá ann do dhaoine óga - arb iad is bonn leis an Eoraip atá le teacht - de bheith ag méadú agus gur féidir leis an Aontas folláine inbhuanaithe chuimsitheach a chur ar fáil do mhuintir na hEorpa.

Is tionscadal muiníne agus comhair í an straitéis, a forbraíodh trí phróiseas comhdheartha¹ ina raibh Painéal Saoránach Eorpach tiomnaithe maidir le Cothroime Idirghlúine². Léirítear ann smaointe agus moltaí na saoránach, na bpáirtithe leasmhara agus na bpobal ar fud na hEorpa. D'oibrigh daoine de gach aois, de chúlraí agus réigiúin éagsúla i gcomhar chun iniúchadh a dhéanamh ar conas an tAontas a fheistiú chun dul i ngleic ar bhealach níos fearr le dúshlán atá ag dul i méid agus atá idirnasctha chun todhchaí níos fearr a bhaint amach.

Ag **Cruinniú Mullaigh 2024 na Náisiún Aontaithe don Todhchaí**, d'fhormhuinigh an tAontas agus a Bhallstáit an Comhshocrú don Todhchaí agus an Dearbhú maidir leis na Glúine amach anseo³. Luann níos mó ná aon trian de Bhallstáit an Aontais na glúine atá le teacht ina mBunreachtanna agus/nó tá creataí institiúideacha tiomnaithe bunaithe acu lena leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé deiseanna na nglún amach anseo a chosaint. Tá dlúthbhaint aige sin le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, arb é atá i gceist leo treoirphlean comhroinnte domhanda don tsíocháin agus don rathúnas do dhaoine agus don phláinéad, anois agus amach anseo.

Leis an straitéis sin rannchuidíonn an Coimisiún le tiomantas láidir an Aontais cur leis an móiminteam domhanda sin, faoi threoir na tuisceana gur cuid d'fhéiniúlacht, de luachanna agus de leasanna straitéiseacha fadtéarmacha na hEorpa iad an tsíocháin, cearta an duine agus an pláinéad a chosaint agus, an tráth céanna, folláine na nglún amach anseo a fheabhsú chomh maith leis an dlúthpháirtíocht idir na glúine atá ann faoi láthair a chur chun cinn⁴.

¹ [Ábhair thacaíochta chun an Straitéis a dhearadh](#)

² [An Painéal Saoránach Eorpach maidir le Cothroime Idirghlúine](#)

³ [Dearbhú maidir leis na glúine amach anseo - na Náisiúin Aontaithe](#)

⁴ Foráiltear in Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go gcuirfidh an tAontas dlúthpháirtíocht idir na glúine chun cinn, agus cuirtear i dtábhacht go láidir sa Chairt um Chearta Bunúsacha go bhfuil freagracht maidir leis na glúine amach anseo i gceist le cearta bunúsacha a theachtadh. I measc tionscnaimh eile, cuirtear béim an Aontais ar chomhtháthú idirghlúine i dtábhacht le príomhshamplaí amhail an Bhliain Eorpach um Aosú Gníomhach 2012 agus Bliain Eorpach na hÓige 2022. I dTeachtaireacht 2023 maidir le hAthrú Déimeagrafach, cuirtear cothroime idir na glúine i gceist ar bheartais, agus i dTuarascáil 2025 maidir leis an bhFadhbheathnaitheacht Straitéiseach, ainmnítear i mar cheann de na hocht bpríomhthosaíochtaí.

Bunaithe ar fhreagracht fhadtéarmach, ar dhlúthpháirtíocht idirghlúine agus ar chothromas críochach, féachtar leis an straitéis freisin rannchuidiú le muinín as institiúidí poiblí a athbhunú, todhchaí inbhuanaithe chothrom a mhúnlú, agus a áirithiú go neartóidh dul chun cinn an lae inniu an bonn don todhchaí.

2. An líon deiseanna atá ag athrú

Meigithreochtaí a bhfuil tionchar acu ar an gcothromaíocht idirghlúine:

Tá Eorpaigh óga ag teacht in aois le linn athrú tapa, agus tá dúshlán bhunúsacha rompu an tráth céanna. Tá an t-athrú déimeagrafach agus an imirce, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus timpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú ag cur cruth nua ar an gcaoi a gcruthaítear agus a roinntear deiseanna ó ghlúin go glúin, lena n-áirítear i réimse an oideachais, na fostaíochta agus na tithíochta⁵. Déanann na hathruithe sin difear do dhaoine ag gach céim den saol agus cruthaítear leo fis chomhroinnte freagrachta lena dtugtar deis chumhachtach samhail shóisialta, eacnamaíoch agus dhaonlathach an Aontais a athnuachan ar bhealaí a rachaidh chun tairbhe don ghlúin atá ann faoi láthair agus do na glúine amach anseo araon⁶.

Ó thaobh na nglún de, ní hé an t-athrú féin an príomh-shaincheist, ach an gcuireann na roghanna a dhéanamid sa lá atá inniu ann feabhas ar na deiseanna atá ag daoine dea-obair a dhéanamh sa saol agus deiseanna a mhéadú nó a theorannú do na glúine amach anseo. Is féidir le saol níos faide, dul chun cinn teicneolaíoch, agus an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach agus inbhuanaithe ina n-úsáidtear acmhainní an rathúnas agus an fholláine a neartú ar feadh an tsaoil. Chun é sin a bhaint amach, beidh gá le fis fhadtéarmach atá cumhdaithe sa dlí, infheistíocht réamhtheachtach, tacaíocht don rannpháirtíocht ghníomhach ar feadh an tsaoil oibre, agus cothroime leanúnach idir na glúine.

Tá sochaithe á n-athmhúnlú ag an **aistriú déimeagrafach**, rud a bhfuil impleachtaí aige do rochtain na nglún óg ar thithíocht, ar obair agus ar ioncam, agus ar chúram fadtéarmach agus ar chúram sláinte. An tráth céanna, is féidir leis an aosú gníomhach, an t-aistriú eolais idirghlúine agus rannpháirtíocht eacnamaíoch agus shóisialta leathnaithe tacú le saol níos faide agus níos sláintiúla. Le hinfeistíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, in obair sholúbtha agus i bpobail atá fabhrach do dhaoine scothaosta, is féidir leis an athrú déimeagrafach a bheith ina dheis do gach glúin.

Sampla soiléir eile is ea **an aeráid agus an dúlra**. Trí ghníomhú go cinntitheach maidir le cosaint na haeráide agus an chomhshaoil, seachnaítear costais i bhfad níos mó do na glúine óga agus do na glúine atá le teacht agus is infheistíocht é i sláinte, slándáil agus dálaí maireachtála na nglún óg agus na nglún amach anseo, agus an tráth céanna tairbhí nithiúla a chur ar fáil san am i láthair do dhaoine de gach aois trí thimpeallachtaí níos glaine, trí shláinte phoiblí níos fearr, trí shlándáil fuinnimh agus uisce agus trí phobail níos athléimní. Os a choinne sin, bheadh tionchar mór ag an easpa gníomhaíochta ar rathúnas na nglún amach anseo. Má dhéantar é a bhainistiú go cuimsitheach, is rannchuidiú é an t-aistriú glas le poist ardcháilíochta, dálaí maireachtála feabhsaithe agus inacmhainneacht mar aon le hathléimneacht agus slándáil fuinnimh an Aontais a threisiú.

Leis an digitíú, an intleacht shaorga agus an teicneolaíocht spásbhunaithe, tá an t-oideachas, an obair, stíleanna maireachtála agus rannpháirtíocht dhaonlathach á n-athmhúnlú le haghaidh daoine de gach aois. Cé go mbíonn oiriúnú i gceist leis na haistrithe sin, bíonn níos mó deiseanna ann dá

⁵ Tá 14 mheigithreocht sainaitheanta ag an gCoimisiún Eorpach agus déanann sé faireachán orthu, ar meigithreochtaí iad atá ríthábhachtach do thodhchaí an Aontais trína [Mhol Meigithreochtaí](#).

⁶ Tugtar forléargas soiléir i bPáipéar Fadbhreathnaitheachta ESPAS 2025 maidir le Cothroime Idirghlúine ar na dúshlán agus na deiseanna a bhaineann le meigithreochtaí a bhaineann le Cothroime Idirghlúine.

mbarr freisin. Le foghlaim ar feadh an tsaoil, uas-sciliú agus athsciliú, agus nuálaíocht atá dírithe ar an duine, is féidir a áirithiú go rachaidh an dul chun cinn teicneolaíoch chun tairbhe do gach glúin agus go gcumhachtóidh sé daoine óga chun bheith rathúil i margadh saothair atá ag athrú agus go dtacóidh sé le rannpháirtíocht agus neamhspleáchas ar feadh saolta níos faide. I ngeall ar **chineál athraitheach na hoibre** tá athmhúnlú ag teacht ar an bhfostaíocht, ar shamhlacha gairme agus ar struchtúir eagraíochtúla, rud a d'fhéadfadh cur leis an neamhionannas, mura ndéantar é a láimhseáil mar is ceart, agus go mbeadh gairmeacha níos éiginnte agus nach bhfuil chomh líneach céanna ag na daoine óga.

Ar fud na n-athruithe sin, leis na roghanna a dhéantar inniu maidir le hinfheistíocht, airgeadas poiblí, córais fhioscacha, córais phinsin agus rialáil, a dhéanann difear do thithíocht, oideachas, sláinte, cúram leanaí agus cúram fadtéarmach, obair agus dáileadh rachmais, cinnfear cé acu a gheobhaidh nó nach bhfaighidh na glúine amach anseo srianta méadaitheacha nó cumas níos mó chun gníomhú⁷.

Dá bhrí sin, le cur chuige idirghlúine, tá gá le diongbháilteacht atá fréamhaithe sa fhreagracht chomhroinnte agus sa dlúthpháirtíocht ionas go mbeidh gach glúin, go háirithe daoine óga, ullamh don todhchaí agus go mbeidh siad in ann í a mhúnlú, le tacaíocht ó thaithí, ó rannchuidiú agus ó dhlúthpháirtíocht na nglún uile.

Athraíonn deiseanna agus rioscaí de réir mar a théann daoine trí chéimeanna éagsúla den saol agus mar thoradh air sin, tá bearnaí tábhachtacha ag teacht chun cinn idir na glúine maidir le rochtain ar oideachas, timpeallacht shábháilte, obair chobhsaí, tithíocht, cúram, rachmas agus slándáil fadtéarmach. Chuige sin, tá gá le cur chuige aontaitheach lena dtabharfar na glúine le chéile bunaithe ar spriocanna comhroinnte don todhchaí.

Tá rochtain ag leanaí agus ag daoine óga sa lá atá inniu ann ar dheiseanna méadaitheacha chun foghlaim, taisteal agus obair dheonach a dhéanamh agus chun go gcloisfear a nguth⁸. Is iad an ghlúin is oilte agus is eolaí ar chúrsaí digiteacha riamh iad, agus iad ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht theicneolaíoch⁹ agus in 2024 measadh gurb é 81.7 bliain an t-ionchas saoil a bheidh acu. Mar sin féin, tá daoine óga sa lá atá inniu ann níos neamhchosanta ar shuaitheadh i margadh an tsaothair agus ar chineálacha nua éiginnteachta a bhaineann le hathrú tapa teicneolaíoch agus le leathnú cineálacha neamhchaighdeánacha oibre. D'ainneoin a n-ardleibhéil oideachais fhoriomláin, leanann go leor acu conairí oideachais nach n-ailíníonn i gcónaí le riachtanais scileanna atá ag athrú agus le hearnálacha atá ag teacht chun cinn. Tá go leor acu neamhchosanta ar laghdú gear ar bhunscileanna. D'fhéadfadh sé sin an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht chobhsaí a dhéanamh níos casta, rud a chuirfeadh le conairí luathghairme ilroinnte agus le baol méadaithe éagobhsaíochta poist. Trasnaíonn na brúnna eacnamaíochta sin le dúshlán shóisialta agus shíceolaíoch níos leithne, lena n-áirítear leibhéil ardaithe struis, inní agus uaignis i measc daoine óga, rud a thugann le fios gurb ann d'éiginnteacht, brú airgeadais agus gearú na comparáide sóisialta i dtimpeallachtaí digiteacha. Is dúshlán í inacmhainneacht tithíochta freisin, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra do dhaoine óga a bheith ina n-úinéirí tí agus teach a dtuismitheoirí a fhágáil, rud a chuireann moill ar a n-aistriú chuig neamhspleáchas.

Tá athrú ó bhonn ag teacht ar an réimse deiseanna do dhaoine scothaosta freisin, mar gheall ar an gcaoi a bhfuil daoine níos sláintiúla agus ag maireachtáil níos faide, ach mar gheall

⁷Cuirtear i láthair i [dTuarascáil 2025 maidir leis an bhFadhbhreachnaitheacht Straitéiseach](#) ocht bpríomhréimse inar féidir leis an Aontas gníomhú chun deiseanna a dhéanamh de dhúshlán shonra na hEorpa.

⁸ [Tuarascáil maidir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm \(2022-2024\)](#) - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

⁹ De réir [Eurostat](#), bhí bunscileanna digiteacha ag 75 % ar a laghad de dhaoine óga idir 16 agus 29 mbliana d'aois in 2025.

freisin ar mhéadú ar riachtanais cúraim fhadtéarmaigh agus ar rioscaí bochtaineachta níos déanaí sa saol. Tagann athrú mór ar a gcumas fanacht gníomhach, slán agus nasctha. Go háirithe i gcás na mban, bíonn baol níos airde bochtaineachta agus éiginnteachta airgeadais ann mar thoradh ar neamhionannais a charntar le linn an tsaol. Is mian le go leor daoine scothaosta leanúint de bheith ag rannchuidiú leis an tsochaí agus leis an margadh saothair ach cuireann an digitiú tapa bac orthu,¹⁰ rud a d'fhéadfadh iad siúd a bhfuil scileanna digiteacha níos ísle acu a eisiamh¹¹. Tá an t-aoiseachas forleathan: Measann 52 % de shaoránaigh an Aontais gurb í an aois an míbhuntáiste is mó d'iarrthóirí poist, agus is minic a mheastar nach bhfuil oibríthe scothaosta chomh hinoiriúnaithe céanna agus nach bhfuil siad chomh hinniúil céanna ó thaobh cúrsaí digiteacha de¹². Bíonn tionchar ag easpa seirbhísí agus bonneagar bunúsach, lena n-áirítear leathanbhanda, go háirithe ar roinnt críocha tuaithe ina bhfuil meánaois níos airde.

Braitheann slándáil eacnamaíoch níos déanaí sa saol freisin ar leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht chórais na bpinsean, a bhfuil ról lárnach acu maidir le cothroime idirghlúine a mhúnlú trí chothromaíocht a bhaint amach idir slándáil ioncaim do dhaoine scothaosta agus athléimneacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí. Na bearnaí críochacha sa chúram sláinte, sa chúram fadtéarmach, sa rochtain ar shaoráidí le haghaidh gníomhaíochtaí fisiciúla tráthrialta agus sa tsoghluaisteacht, déanann siad difear breise don neamhspleáchas, do mhothú an uaignis, do thorthaí sláinte agus do cháilíocht na beatha sa tseanaois¹³. Mairfidh daoine níos sine a bheidh ann amach anseo níos faide, rud a éileoidh seirbhísí agus coigeartuithe baile ionas go mbeidh siad in ann leanúint de bheith ina gcónaí ina dtithe féin. Gan beann ar aois, rannchuidíonn gníomhaíocht choirp le folláine agus feidhmeanna cognaíocha foriomlána a fheabhsú.

Tá inscne fós ina toisc mhór maidir le neamhionannas deiseanna agus idirdhealaithe. In 2023, san Aontas, shaothraigh mná 12 % níos lú ná fir in aghaidh na huaire, agus in 2024 bá é 70.8 % an ráta fostaíochta do mhná i gcomparáid le ráta fostaíochta 80.8 % d'fhir¹⁴. Is ar mhná freisin atá an t-ualach príomha a bhaineann le freagrachtaí cúraim. Bíonn ar go leor acu aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus ar ghnéaschiapadh, agus déantar foréigean fisiciúil nó gnéasach ar thart ar dhuine as gach triúr, lena n-áirítear ag an obair. Le himeacht ama, carnann na neamhionannais sin i bhfreagrachtaí fostaíochta, pá agus cúraim, rud a mhéadaíonn bearnaí idir na hinscní i slándáil ioncaim, pinsin agus neamhspleáchas eacnamaíoch níos déanaí sa saol.

Bíonn deacrachtaí breise ag grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus éilítear cur chuige trasnach ina leith. Ar an meán, is féidir níos mó ná an ceathrú cuid de neamhionannas ioncaim margaidh san Eoraip a rianú go tosca a fuarthas le hoidhreacht amhail stádas socheacnamaíoch tuismitheoirí¹⁵ nó suíomh geografach. Is minic a bhíonn deacrachtaí ag daoine óga faoi mhíchumas agus iad ag tosú amach sa saol mar dhaoine fásta mar gheall ar chonairí laga idir an t-oideachas agus an fhostaíocht. Tá leanaí fós i mbaol níos airde bochtaineachta ná an daonra foriomlán. Cuireann deighiltí críochacha, go háirithe do cheantair thuaithe agus iargúlta, teorainn le rochtain ar oiliúint, tithíocht, iompar agus nascacht ardcháilíochta, rud a threisíonn imirce daoine oilte agus a mhéadaíonn an líon daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEET).

¹⁰ Scileanna don Aois Digiteach - Staidreamh arna Mhíniú - Eurostat

¹¹ Scileanna digiteacha in 2023: tionchar an oideachais agus na haoise

¹² Idirdealú san Aontas Eorpach - Mí na Nollag 2023 - Suirbhé Eurobaraiméadair

¹³ Staidreamh maidir le míchumas – riachtanais daoine scothaosta chun cabhair nó cúnaimh a fháil

¹⁴ Staid na bearna pá idir na hinscní san Aontas - an Coimisiún Eorpach; Bearnaí fostaíochta do mhná agus do dhaoine faoi mhíchumas - Eurostat

¹⁵ ECFE (2025), *To Have and Have Not – How to Bridge the Gap in Opportunities*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/dec143ad>

Is minic a chuirtear **bacainní struchtúracha** san oideachas agus oiliúint, san fhostaíocht, sa bhochtaineacht, i gcostais arda tithíochta, agus i rochtain ar sheirbhísí ar aghaidh ó ghlúin go glúin, agus is do dhaoine atá ag dul i ngleic le hidirdhealú, lena n-áirítear daoine de bhunadh imirceach, Romaigh agus daoine LADTIA, is mó a dhéanann na bacainní sin difear.

Téann peirspictíocht ar feadh an tsaol níos faide ná glúine an lae inniu. Trí scrúdú a dhéanamh ar threochtaí déimeagrafacha, teicneolaíocha, comhshaoil, aeráide agus socheacnamaíocha fadtéarmacha, is féidir linn a bheith a súil leis na deiseanna agus na rioscaí a bheidh ann do na **glúine amach anseo**. Cé nach féidir leo vóta a chaitheamh ná labhairt ar a son féin faoi láthair, beidh tionchar ag roghanna an lae inniu ar an líon deiseanna a bheidh acu. Dá bhrí sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann faoi láthair agus, an tráth céanna, todhchaí a chruthú ina mbeidh rath orthu siúd nár rugadh go fóill.

3. Cad a tharlóidh mura ngníomhaímid: an costas a bhaineann le neamhghníomhaíocht

Is rogha straitéiseach don Aontas í an chothroime idirghlúine. Is minic a bhíonn tréimhsí ama gearra ag timthriallta toghcháin, rud a chiallaíonn go mbeidh dreasacht níos láidre ann chun tús áite a thabhairt do dhearcadh gearrthéarmach. Nuair nach gcuirtear san áireamh go leordhóthanach sna beartais an tionchar a bhíonn acu ó ghlúin go glúin, carntar costais eacnamaíocha, chomhshaoil, shóisialta agus dhaonlathacha de réir a chéile. Maidir leis an athrú aeráide amháin, chosnódh neamhghníomhaíocht laghdú idir 7 % agus níos mó na 10 % de OTI an Aontais faoi dheireadh an chéid¹⁶. Tá méadú níos mó fós ag teacht ar chailteanais eacnamaíocha a bhaineann leis an aeráid.¹⁷

I gcás ina ndáiltear deiseanna go míchothrom ar fud na nglún, na gcríoch agus na ngrúpaí sóisialta, tá an baol ann go mbeidh gnóthachain eacnamaíocha ag éirí níos comhchruinnithe. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar an tsoghluasteacht shóisialta, méadú ar an neamhionannas, agus laghdú ar mhuintir as cothroime deiseanna saoil. Measann níos lú ná leath de mhuintir na hEorpa go bhfuil comhdheiseanna acu dul chun cinn a dhéanamh sa saol, agus ní mheasann ach 38 % díobh go dtarlaíonn an chuid is mó de na torthaí ina saol go cothrom, rud a chuireann i dtábhacht an dearcadh nach bhfuil an saol cothrom, ar dearcadh é atá ag dul i méid¹⁸. Leagtar béim sa dearcadh sin ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar éagorthromaíochtaí atá ag teacht chun cinn, rud a fhágann go dtarchuirtear míbhuntáistí eacnamaíocha ó ghlúin go glúin, sula dtiocfaidh siad chun bheith struchtúrach.

Is féidir le neamhghníomhaíocht difear a dhéanamh don athléimneacht dhaonlathach freisin. Nuair a mheastar nach bhfuil beartais freagrúil go leor d'athrú ó ghlúin go glúin, is féidir le laghdú teacht ar mhuintir as institiúidí. Cé go bhfuil muintir as an Aontas fós sách ard, tá sé fíor-riachtanach go gcuirfimid leis an muintir sin chun rannpháirtíocht na saoránach agus athléimneacht dhaonlathach a neartú. Is féidir leis an leithlisiú sóisialta a bheith i gcomhchoibhneas le rannpháirtíocht shibhialta níos ísle, le ráta vótála níos ísle agus le rannpháirtíocht pholaitiúil laghdaithe fhoriomlán¹⁹. Is féidir leis an mbréagaisnéis an mhuintir

¹⁶ Measúnú tionchair le haghaidh sprioc aeráide 2040, SWD(2024) 63 final, Cuid 2/5, Iarscríbhinn 7, Roinn 3

¹⁷ [Economic losses from weather- and climate-related extremes in Europe \[Cailteanais eacnamaíocha ó dhálaí foireneacha aimsire agus aeráide san Eoraip\]](#) Indicators [Táscairí] | An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA). As na cailteanais eacnamaíocha EUR 822 bhiliún a bhaineann leis an aeráid a tharla le 45 bliana anuas, tharla 25 % díobh le 4 bliana anuas

¹⁸ Cothroime, Neamhionannas agus Soghluaiseacht Idirghlúine - mí Feabhra 2023 - - Suirbhé Eorabharaiméadair

¹⁹ [Tosca riosca agus iarmhairtí a bhaineann leis an uaigneas - an tAimheán Comhpháirteach Taighde: Mol Eolaíochta an Aontais](#)

as institiúidí agus as na meáin a lagú, toghcháin a chur i mbaol, agus bac a chur ar chumas na saoránach cinntí eolasacha a dhéanamh²⁰. Fágann sé sin go mbíonn sochaithe níos neamhchosanta ar thurraingí, go mbíonn siad ag brath níos mó ar ghníomhaíocht fhrithghníomhach, agus nach mbíonn siad in ann infheistíocht a dhéanamh go muiníneach sa todhchaí.

Dá bhrí sin, ní costas eacnamaíoch amháin é an costas a bhaineann le neamhghníomhaíocht maidir le cothroime idirghlúine; is costas daonlathais, sóisialta agus comhshaoil é freisin. Trí aghaidh a thabhairt ar bhrúnna an lae inniu ar thithíocht, scileanna, rochtain ar an margadh saothair, airgeadas poiblí, acmhainní nádúrtha, an aeráid, córais chúraim agus leasa agus rochtain ar sheirbhísí, tugtar deis fhiúntach chun na glúine óga a chumhachtú, agus dlúthpháirtíocht agus cothroime á n-athdhearbhú an tráth céanna i ngach aois. Dá bhrí sin, ní cuspóir breise í an chothroime idirghlúine, ach coinníoll don chobhsaíocht, don dlísteacht agus don fhás inbhuanaithe glan do na blianta amach romhainn.

4. Bunchlocha nua a thógáil don chothroime: ‘Conradh’ nua idirghlúine

Braitheann cothroime idirghlúine ar chomhdhlúthú na mbunchloch ar a bhfuil an dlúthpháirtíocht idir na glúine bunaithe. Cuirtear i láthair sa straitéis sin ‘conradh’ nua idirghlúine, a forbraíodh mar fhreagairt ar mholtaí an Phainéil Saoránach Eorpach, lena léirítear an gá atá le deiseanna a leathnú le himeacht ama, aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí ar fud na gcóir agus a áirithiú go ndéanfar cinntí le peirspictíocht níos fadtéarmaí. **Cuireann sé creat coiteann ar fáil chun fadbhreathnaitheacht, cothroime agus freagracht a ailíniú,** ionas go neartóidh roghanna an lae inniu deiseanna do na glúine atá ann faoi láthair agus do na glúine amach anseo araon agus **chun creatlach shóisialta an Aontais a neartú** trí na glúine a thabhairt le chéile bunaithe ar spriocanna comhchoiteanna, ar fhreagracht chomhroinnte agus ar chomhinfeistíocht sa todhchaí.

Cuireann an ‘conradh’ nua Idirghlúine le trí ghné: 1) *Ceapadh beartas cothrom*, lena leabaítear smaointeoireacht fhadtéarmach agus dearcadh na hóige; 2) *Deiseanna cothroma* lena dtugtar na glúine le chéile bunaithe ar spriocanna comhroinnte le haghaidh todhchaí níos fearr agus 3) *Áiteanna cothroma* lena gcothaítear cothroime idirghlúine ar fud na gcóir.

4.1. Ceapadh beartas cothrom - smaointeoireacht fhadtéarmach agus dearcadh na hóige a leabú

Chun ceapadh beartas cothrom a bhaint amach, ní mór tionchair fhadtéarmacha na gcinntí a mheas go córasach in éineacht le cuspóirí gearrthéarmacha. Múnlaíonn dlíthe, buiséid agus athchóirithe deiseanna le himeacht ama, agus is féidir le roghanna a dhéantar sa lá atá inniu ann tairbhí marthanacha - nó costais - a chruthú do na glúine amach anseo. Trí pheirspictíocht níos fadtéarmaí agus níos sistéamaí a ghlacadh, cuidítear lena áirithiú nach nginfidh réitigh ghearrthéarmacha rioscaí ná ualaí inseachanta ina dhiaidh sin.

Tugtar le tuiscint leis sin cineálacha cur chuige rialachais atá níos réamhghníomhaí agus níos fianaise-bhunaithe. Trína chlár oibre maidir le rialáil níos fearr, tá an tAontas ar thús

²⁰ [An Cód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis | an Coimisiún Eorpach](#). Tagann 63 % d’Eorpaigh óga ar bhréagnuacht níos mó ná uair amháin sa tseachtain agus ceapann 51 % d’Eorpaigh gur nochtadh bréagaisnéis ar líne dóibh

cadhnaíochta maidir le dea-rialachas agus cinnteoireacht réamhghníomhach²¹. Úsáideann sé roinnt uirlisí amhail fadbhreathnaitheacht straitéiseach, measúnuithe tionchair agus comhairliúcháin phoiblí chun breithniú fianaisebhunaithe a dhéanamh ar chomhshabhtálacha, rud a chuidíonn le rioscaí a shainathint go luath agus le bonn eolais a chur faoi roghanna beartais. Tacaíonn na cuir chuige sin le beartais níos athléimní agus níos fónta ar fud na n-earnálacha.

Braitheann ceapadh cothrom beartas freisin ar a áirithiú go mbeidh páirt sa phlé ag peirspictíochtaí na ndaoine is mó a ndéanann cinntí a bhfuil tionchar fadtéarmach acu difear dóibh. Ciallaíonn sé sin deiseanna fóinteacha comhréireacha a chruthú do dhaoine óga chun cur leis an bplé beartais lena múnlaítear a dtodhchaí.

Is minic a bhíonn tionchair nach beag ag cinntí an lae inniu ar na glúine atá le teacht, bíodh sin ó thaobh na heacnamaíochta, na sochaí nó an chomhshaoil de. Áiritheofar tuilleadh leis na gníomhaíochtaí thíos go ndéanfar breithnithe fadtéarmacha a chomhtháthú go comhleanúnach sa cheapadh beartas.

Chun tacú le ceapadh beartas cothrom, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

1. **Tacú le litearthacht amach anseo a fhorbairt i riaracháin phoiblí** ar fud Bhallstáit an Aontais trí phacáiste ilteangach Ceaptha Beartais atá Dírithe ar an Todhchaí a fhoilsiú.
2. **Úsáid na fadbhreathnaitheachta straitéisí i gceapadh beartas a threisiú,** mar shampla trí thacú leis an *Uirlis Chothromaíochta Todhchaíochtaí*, uirlis IS-chumasaithe le haghaidh anailís réamhbhreathnaitheach beartais san fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Beyond Lab na Náisiún Aontaithe.
3. **Leanúint den tSeiceáil Óige a chur i bhfeidhm go córasach, lena n-áirítear Idirphlé Beartais leis an Aos Óg** maidir leis na príomhthionscnaimh de chlár oibre an Choimisiúin chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag beartais nua ar dhaoine óga.
4. **A chur de chúram ar an nGrúpa Eorpach um Eitic san Eolaíocht agus sna Nuatheicneolaíochtaí (EGE)** anailís agus moltaí a chur ar fáil maidir le Todhchaí Dhigiteach Chothrom, IS agus Earraí Poiblí Digiteacha.
5. **Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le straitéis cothroime idirghlúine a fhoilsiú** go luath in 2028 chun bonn eolais a chur faoi rannchuidiú an Aontais le hobair leantach na Náisiún Aontaithe ar an Dearbhú maidir leis na Glúine amach anseo.
6. **Treochlár Fadsaolaí a fhoilsiú,** arb é is aidhm dó saincheistanna beartais aois-sonracha a mhapáil do gach aoisghrúpa chun deiseanna straitéiseacha a shainathint chun saol níos faide, níos sláintiúla agus níos sláine ó thaobh airgeadais de a mhúnlú ar bhealach gníomhach.

Cleachtais spreagúla ar fud Bhallstáit an Aontais

- **Is féidir teacht ar shamplaí d'institiúidí na smaointeoireachta fadtéarmaí** i roinnt mhaith Ballstát den Aontas ar bhealaí éagsúla: San Fhionlainn (*an Coiste don Todhchaí*)²², sa Spáinn (*an Oifig*

²¹ ECFC (2025), *Better Regulation Practices across the European Union 2025*, Foilsitheoireacht ECFC, Páras, <https://doi.org/10.1787/6f007516>

²² Is buanchoimhlacht parlaiminteach é 'Coiste don Todhchaí' de chuid na Fionlainne a dhéanann an fadbhreathnaitheacht a institiúidí sa rialachas.

*Náisiúnta Fadhbheathnaitheachta agus Straitéise*²³), agus i Málta (*Caomhnóir na nGlún amach anseo*)²⁴.

- Tá Measúnuithe Tionchair Rialála sonracha ag go leor Ballstát de chuid an Aontais ar an óige agus/nó ar na glúine amach anseo: An Ostair (*Wirkungsorientierte Folgenabschätzung*), an Bheilg/Flóndras (*JoKER*), an Fhionlainn (*Lapsivaikutusten arviointi*), an Fhrainc (*Clause d'impact jeunesse*), an Ghearmáin (*Jugend-Check*), an Iodáil (*Valutazione di Impatto Generazionale*), an Ísiltír (*Generatietoets*), agus an tSualainn (*Barnkonsekvensanalys*).

4.2. Deiseanna Cothroma - na glúine a thabhairt le chéile bunaithe ar spriocanna combhroinnte le haghaidh todhchaí níos fearr

Chun go mbeidh deiseanna cothroma ann, ní mór do leanaí agus do dhaoine óga a bheith in ann a saol a thógáil ar bhonn láidir. Bíonn tionchar láidir ag dálaí luatha saoil ar thorthaí níos déanaí, agus is gnách go gcarnann míbhuntáistí nach dtugtar aghaidh orthu go luath le himeacht ama. Le cur chuige idirghlúine, dá bhrí sin, tugtar tús áite don luathchosc, do thacaíocht spriocdhírthe agus d'aistrithe dea-bhainistithe san aosacht agus aithnítear leis go bhforbraítear deiseanna cothroma ar feadh an tsaoil.

Tá beartais lena ndírítear ar leanaí agus ar dhaoine óga, go háirithe iad siúd a bhfuil cúlra faoi mhíbhuntáiste acu agus/nó atá ag tabhairt aghaidh ar idirdhealú, fíorthábhachtach chun cothroime idir na glúine a áirithiú. Áirítear leis sin infheistíocht mharthanach i bhforbairt na luath-óige, san oideachas, san oiliúint agus i scileanna, sa rochtain chultúrtha, sa rannpháirtíocht agus sa bhonneagar, i ngníomhaíochtaí áineasa, rochtain ar sheirbhísí sláinte, sa rochtain ar thithíocht, ar iompar agus ar sheirbhísí riachtanacha eile, chomh maith le tacaíocht spriocdhírthe ag príomhphointí aistrithe sa saol amhail an scoil a fhágáil, dul isteach sa mhargadh saothair nó teaghlach neamhspleách a bhunú. Áirítear leis freisin litearthacht airgeadais a chur chun cinn, rud atá fíor-riachtanach chun daoine óga a chumhachtú chun a neamhspleáchas airgeadais agus a gcuisiú airgeadais a áirithiú²⁵. Trí aghaidh a thabhairt go luath ar rioscaí agus trí thacú le leanaí atá i ngátar²⁶, cuidíonn na bearta sin le cosc a chur ar neamhionannais a bheith daingnithe agus leis an mbrú ar chórais shóisialta a laghdú san fhadtárma. Chun a bheith éifeachtach, ní mór do na bearta sin dul níos faide ná an bhéim ar aois agus riachtanais shonracha grúpaí leochaileacha agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chur san áireamh.

Ní féidir cothroime idirghlúine a bheith ann ach amháin nuair a dháiltear an rachmas a chruthaíonn an tsochaí go cothrom. Múnlaíonn neamhionannais i ndáileadh rachmais agus éagsúlachtaí sa chánachas rachmais agus oidhreacht inár sochaithe an chaoi a gcuirtear rioscaí agus deiseanna ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Tá sé ríthábhachtach freisin deireadh a chur le bacainní struchtúracha a dhéanann difear díreireach do chohóirt óga chun deireadh a chur le tarchur míbhuntáistí ó ghlúin go glúin, agus an tráth céanna a áirithiú gur féidir le daoine scothaosta leanúint de bheith slán, cuimsithe agus in ann rannchuidiú de réir mar a théann siad in aois. Inacmhainneacht tithíochta, rochtain ar oideachas agus ar oiliúint, conairí fostaíochta cobhsaí agus fiúntacha, cúram sláinte ardcháilíochta – lena n-áirítear cúram meabhairshláinte - agus an cumas obair, foghlaim, an saol príobháideach agus saol an teaghligh a chomhcheangal, bíonn tionchar acu sin ar cé acu an féidir nó nach féidir le daoine óga

²³ San 'Oifig Náisiúnta Fadhbheathnaitheachta agus Straitéise' sa Spáinn, déantar an treoiclár 'an Spáinn 2050' a chomhordú, lena ndéantar fadhbheathnaitheacht straitéiseach a institiúidiú laistigh den rialachas chun beartais atá ann faoi láthair a ailíniú le spriocanna cothromais idirghlúine fadtéarmacha.

²⁴ Is coimisiún ardleibhéal é '*Caomhnóir na nGlún amach anseo*' i Málta a dhéanann iniúchadh ar earnálacha rialtais chun a áirithiú nach gcuirfidh beartais forbartha inbhuanaithe isteach ar shaoránaigh amach anseo.

²⁵ Leagadh amach gníomhaíochtaí chun an litearthacht airgeadais a chur chun cinn sa Choimisiún Eorpach (2025), *Teachtairacht maidir le Straitéis um Litearthacht Airgeadais don Aontas Eorpach*, COM(2025) 681 final.

²⁶ I gcomhréir le prionsabail na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí, *an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí - Fostaíocht, Gnóthai Sóisialta agus Cuisiú*.

rannchuidiú go hiomlán leis an tsochaí agus pleanáil go muiníneach don todhchaí. Den chuid is mó, cumasaíonn siad comharsanachtaí idirghlúine, rannpháirtíocht agus idirphlé freisin.

Tá gá le gníomhaíochtaí spriocdhírthe fianaisebhunaithe chun na prionsabail sin a chur i bhfeidhm. Sa chomhthéacs sin, díreann sa straitéis ar an mbonn anailíseach le haghaidh cothroime idirghlúine a neartú trí **Innéacs** tiomnaithe **Cothroime Idirghlúine** a thiomnú. Dearfar é chun neamhionannais i ndeiseanna ar fud na nglún atá ann faoi láthair agus le himeacht ama a ghabháil trí fhaireachán a dhéanamh ar mhéadracht a bhfuil dlúthbhaint aici leis an gcothroime idirghlúine. Cuirfidh an straitéis borradh freisin faoi rannpháirtíocht na saoránach trí ghlúine a aontú maidir le spriocanna comhroinnte, trí idirphlé agus comhar idirghlúine a neartú, trí ghuthanna leanaí agus daoine óga a mhéadú agus trí idirdhealú aoise a chomhrac trí dhea-chleachtais a chomhroinnt ar fud na mBallstát.

Chun tacú le *deiseanna cothroma*, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

1. **Innéacs Cothroime Idirghlúine a thiomnú** chun deiseanna agus bearnaí a shainaithint, bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus cothroime a chur chun cinn ar fud na nglún.
2. **Tacú le forbairt cnuasaigh dea-chleachtas maidir le comhionannas aoise** ag an nGrúpa Ardleibhéil um Neamh-Idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht, rud a chuirfidh leis an staidéar atá ar na bacáin ar idirdhealú ar fhorais aoise san Aontas ina dtugtar forléargas ar phleananna gníomhaíochta náisiúnta nó ar bhearta náisiúnta maidir le comhionannas aoise.
3. **Gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde a spreagadh** lena gcuirtear cothroime idirghlúine chun cinn faoin gclár Fís Eorpach.
4. **Fóram Déimeagrafach a eagrú** mar áit le haghaidh malartú agus foghlaim fhrithpháirteach maidir le haghaidh a thabhairt ar fhorbairtí déimeagrafacha.
5. **Borradh a chur faoi rannpháirtíocht na saoránach – go háirithe rannpháirtíocht daoine óga** – trí thacú le próisis rannpháirtíochta agus chomhairleacha lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas:
 - a. Idirphlé idirghlúine, buiséadú rannpháirtíochta, fadbhreathnaitheacht rannpháirtíochta, painéil saoránach agus uirlisí nuálacha teicneolaíochta sibhialta ar líne a chur chun cinn.
 - b. Seachtain Eorpach na hÓige 2026 a eagrú a bheidh dírithe ar an dlúthpháirtíocht agus ar an gcothroime.
 - c. Feasacht a mhúscailt go háirithe maidir leis an 16 Samhain mar lá chun an Chothroime Idirghlúine a chomóradh.
6. **Gné na cothroime idirghlúine i mbeartais óige agus spóirt an Aontais a neartú** trí **Straitéis Óige an Aontais tar éis 2027** agus trí **Phlean Oibre an Aontais don Spórt**, chomh maith le **rannpháirtíocht leanaí i gceapadh beartais an Aontais a neartú**, trí chearta leanaí a choinneáil ar bun i mbeartais ábhartha uile an Aontais²⁷ agus trí thógáil ar Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí²⁸.

Cleachtais spreagúla ar fud Bhallstáit an Aontais

- **San Ísiltír, tacaíonn an clár gníomhaíochta Tosú a bhfuil Gealladh Faoi** le leanaí agus lena dtuismitheoirí sa chéad 1 000 lá.
- **Sa Bheilg, is tionscadal tithíochta é CALICO sa Bhruiséil atá maoinithe ag an Aontas** lena dtacaítear leis an dlúthpháirtíocht idirghlúine, le tithíocht do mhná agus le húinéireacht inacmhainne.

²⁷ Straitéis an Aontais um chearta an linbh COM(2021) 142 final.

²⁸ Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí | An tAontas Eorpach.

- **Sa Pholainn, cuireann Le Chéile le Seanóirí - Ceardlanna Garraíodóireachta** naisc idirghlúine agus lánpháirtiú pobail chun cinn mar chuid de thionscadal de chuid an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh.

4.3. Áiteanna Cothroma - cothroime idirghlúine a áirithiú ar fud na gcríoch

Ní hamháin go mbíonn tionchar ag aois, inscne agus cúlra socheacnamaíoch ar chothroime idirghlúine, ach bíonn tionchar ag suíomh ar freisin. Bíonn tionchar mór ag áit chónaithe duine ar a rochtain ar oideachas, ar chultúr, ar phoist, ar thithíocht, ar sheirbhísí, ar bhonneagar digiteach, ar shoghluaisteacht, agus ar dheiseanna rannpháirtíochta sa daonlathas agus sa tsochaí. Is féidir le neamhréireachtaí críochacha - idir ceantair uirbeacha agus thuaithe, réigiúin trasteorann agus comharsanachtaí faoi mhíbhuntáiste - éagothromaíochtaí a mhéadú le himeacht ama.

Díríonn dearcadh críochach ar chothroime idirghlúine ar a áirithiú nach mbeidh glúine éagsúla faoi mhíbhuntáiste de dheasca na tíreolaíochta. Chuige sin, tá gá le beartais lena gcuirtear dálaí áitiúla agus tionchar ar an aeráid san áireamh agus lena ndéantar infheistíocht in acmhainneacht fhadtéarmach áiteanna chun tacú le deiseanna ar fud na nglún. Tá rochtain ar thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe, seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta agus cúraim, iompar, nascacht dhigiteach, bonneagar sóisialta agus saoráidí áineasa lárnach chun a chinneadh an féidir le daoine fanacht, filleadh, nó a dtodhchaí a thógáil ina bpobail féin. An tráth céanna, cuireann soghluaisteacht oideachais agus saorghluaiseacht oibríthe feabhas ar dheiseanna go háirithe do dhaoine óga, rud a fhágann gur féidir scileanna agus eolas a aistriú agus tacú le hiomaíochas agus fás inbhuanaithe fadtéarmach.

Trí naisc idirghlúine a neartú ar an leibhéal áitiúil, rannchuidítear freisin leis an athléimneacht agus leis an gcomhtháthú sóisialta. Is féidir le saoráidí pobail, spásanna poiblí comhroinnte, agus seirbhísí áitiúla tacú le hidirghníomhaíocht ar fud aoisghrúpaí, an líon daoine a bhíonn scoite amach ón bpobal a laghdú, agus tacaíocht fhrithpháirteach a chothú — go háirithe i limistéir a bhfuil athrú déimeagrafach nó aistriú eacnamaíoch rompu. Trí rochtain daoine ar an gcultúr agus a rannpháirtíocht ann a fheabhsú, cothaítear luachanna comhroinnte agus comhtháthú sóisialta, rud a chumhachtaíonn na glúine uile.

Baineann áiteanna cothroma a áirithiú le gníomhaíochtaí spriocdhíríte áitbhunaithe - a dhéantar i gcomhar leis na húdarais áitiúla agus réigiúnacha - lena neartaítear deiseanna do na glúine óga, lena dtacaítear le haosú sláintiúil gníomhach laistigh de phobail áitiúla, lena gcothaítear malartú taithí ar fud na gcríoch agus lena gcuirtear tionscnaimh chun cinn lena dtreisiítear naisc idirghlúine laistigh de phobail.

Chun tacú le háiteanna cothroma, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

1. An tionscnamh **Guthanna na Todhchaí a sheoladh** i gcomhar le Coiste na Réigiún, agus cuireadh a thabhairt do na húdarais áitiúla agus réigiúnacha páirt a ghlacadh i múnú thodhchaí a réigiún (arna fhógairt sa Sciath Eorpach don Daonlathas).
2. **Inspioráid, nasc agus cúram frithpháirteach** a chothú trí *chomhpháirtíochtaí idirghlúine a thógáil* le leabharlanna, músaeim, eagraíochtaí spóirt agus ionaid phobail, chomh maith le clár chultúir, acadúla, chruthaitheacha, réamhbhreathnaitheacha amhail:
 - a. Malartuithe cultúrtha agus cuimsiú idirghlúine a chur chun cinn i gcomhréir leis an gCompás Cultúir don Aontas Eorpach

- b. Béim a leagan ar réitigh iompair chuimsitheacha, inrochtana agus inbhuanaithe do gach glúin trí Sheachtain Eorpach na Soghluaisteachta 2026.
 - c. Gníomhaíochtaí idirghlúine a chur chun cinn tríd an spórt, go háirithe tionscnaimh lena dtugtar na glúine le chéile agus lena gcuirtear rochtain níos éasca ar an spórt agus ar an ngníomhaíocht choirp ar fáil do dhaoine de gach aois – le gradam Spóirt #BeActive de chuid an Aontais don chatagóir ‘ar fud na nglún’.
3. **Spásanna poiblí a chosaint agus a athghiniúint le haghaidh comhtháthú sóisialta neartaithe agus inbhuanaitheacht** tríd an *tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua* agus trína ghníomhaíochtaí faoi stiúir an phobail agus trí eolas ar ról na spásanna poiblí don athléimneacht dhaonlathach.

Cleachtais spreagúla ar fud Bhallstáit an Aontais

- **Ar fud na hEorpa, tá an tionscadal Phōnē** - Giving Minority Languages a Voice [Guth a thabhairt do Mhionteangacha] dírithe ar éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn trí chainteoirí teanga mionlaigh a nascadh ar fud na hEorpa, scéalaíocht idirghlúine agus léiriúchán amharclannaíochta pobail a chothú.
- **Sa tSlóivéin, le ‘Cuisle Litríocht na hEorpa’**, déantar saothair chomhaimseartha Eorpacha a aistriú agus a chur chun cinn chun féiniúlacht agus cuimsitheacht Eorpach a chothú, agus lucht spéise de gach aois a mhealladh trí chomhar idirghlúine agus trí na meáin dhigiteacha.
- **Ar fud na hEorpa, déanann an clár ‘Oibrithe Deonacha Oidhreacht na hEorpa’** láithreáin oidhreachta a athbheochan trí chúrsaí oiliúna ‘Ceardaíocht Thraidisiúnta i gCleachtas’, trí ghlúine agus cultúir a thabhairt le chéile, agus trí chleachtais oidhreachta inbhuanaithe a léiriú maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.
- **Sa Fhrainc, leis an tionscadal ‘La république des hyper voisins’** tugtar daoine atá ina gcónaí i gcomharsanacht i bPáras le chéile chun imeacht a eagrú uair sa bhliain ina n-itheann siad le chéile ar an tsráid.

5. Cothroime idirghlúine a phríomhshruthú ar fud bheartais an Aontais

Ní réimse beartais nua í an chothroime idirghlúine. Is deis é breathnú níos soiléire ar iarmhairtí fadtéarmacha na roghanna atá ann cheana agus a áirithiú nach n-aistreofar costas, rioscaí nó srianta ár gcinntí a dhéantar inniu ó ghlúin go glúin.

Tá príomhshruthú na cothroime idirghlúine ar fud an cheaptha beartas ar cheann de phríomhchuspóirí na straitéise seo. Mura gcuirtear san áireamh go córasach é i ndeadadh, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht beartas, ní féidir leis a bheith éifeachtach. Dá bhrí sin, níor cheart caitheamh leis an gcothroime idirghlúine mar shraith bheartais ar leithligh, ach mar threoirphrionsabal atá mar bhonn taca lenár mbeartais agus lenár gcaiteachas uile. Éilítear leis, i measc nithe eile, go gcosnaímid daoine óga ní hamháin trí infheistíocht chliste, ach trína áirithiú nach bhfágtar iad chun fiacha an ama atá caite a aisíoc. Tá gá le huirlisí chun a áirithiú go ndéanfar na hathchóirithe a thosaímid inniu a dheardh agus a dtionchar fadtéarmach á gcur san áireamh. Ceanglaítear leis freisin a áirithiú go ndéanfar leasanna seanóirí a chomhtháthú i gceapadh beartas. Léirítear an cur chuige sin sa *chreat airgeadais ilbhliantúil* (go háirithe trí Chiste Sóisialta na hEorpa²⁹) nó an *Seimeastar Eorpach*, arb é an creat é chun beartas

²⁹ Is féidir le Ciste Sóisialta na hEorpa + tacú le go leor gníomhaíochtaí a mhaolaíonn tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh, amháil rochtain ar fhostaíocht (lena n-áirítear do dhaoine scothaosta, don óige agus do mhná), rochtain ar chúram leanaí agus ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, oideachas agus scileanna, agus cur chun feidhme na Ráthaíochtaí do Leanaí agus don Aos Óg. Treisítear an fócas sin a thuilleadh sna tograí ón gCoimisiún don chéad CAI eile, lena dtugtar isteach airteagal tiomnaithe CSE maidir le hathrú déimeagrafach.

eacnamaíoch agus fostaíochta a chomhordú san Aontas, trí athchóirithe fadtéarmacha a ghlacadh atá leordhóthanach agus inbhuanaithe araon. Laistigh den chreat sin, is féidir leis an gCoimisiún Eorpach - mar fhostóir - dea-shampla a thabhairt, trína thiomantas don neamhfhulaingt ar idirdhealú aoisbhunaithe a threisiú agus trí chomhar idirghlúine a chothú laistigh den ionad oibre.

Gníomhaíonn an tAontas cheana féin in go leor réimsí agus é d’aidhm aige éifeachtaí suntasacha fadtéarmacha a bhaint amach. Dá bhrí sin, is é is cuspóir don roinn seo é a chur i dtábhacht go gcuireann comhtháthú peirspictíochta idirghlúine luach soiléir le gníomhaíocht an Aontais, go neartaíonn sé an chomhsheasmhacht, agus go dtacaíonn sé le marthanacht agus dlisteanacht ghníomhaíocht an Aontais i bhfianaise a ghealltanas don Chomhshocrú don Todhchaí agus don Dearbhú maidir leis na Glúine amach anseo.

... tríd an iomaíochas a chothú gan ídiú acmhainní

Braitheann cothroime idirghlúine ar chumas na hEorpa leanúint de bheith iomaíoch, nuálach agus athléimneach ó thaobh an gheilleagair de le himeacht ama. Chun dea-bhail na nglún amach anseo a chosaint, ní mór fás a shaothrú ar bhealach nach n-ídeoidh na hacmhainní ar a bhfuil a bhfolláine ag brath. Le hinfheistíocht i dtionscail atá dírithe ar an todhchaí, cruthaítear poist ardcháilíochta laistigh den Eoraip, neartaítear an t-iomaíochas inbhuanaithe agus tacaítear le neamhspleáchas straitéiseach ceannasach agus geilleagar láidir iomaíoch. Tá beartais eacnamaíocha agus thionsclaíocha inbhuanaithe a sheasfaidh an aimsir agus lena gcothaítear margáí iomaíocha ríthábhachtach d’fhostaíocht ardcháilíochta agus d’airgeadas poiblí inbhuanaithe. Tá infheistíocht i mbonneagar agus i gcuideachtaí nuálacha chomh riachtanach céanna chun deiseanna a leathnú do na glúine atá ann faoi láthair agus do na glúine amach anseo araon³⁰. Trí thacú le táirgiúlacht, uathriail straitéiseach agus forbairt tionscal atá dírithe ar an todhchaí, rannchuidíonn an t-iomaíochas leis an gcothroime idirghlúine trína áirithiú go bhfaighidh na glúine amach anseo sócmhainní caipitil, sóisialta agus comhshaoil láidre, chomh maith le bonn eacnamaíoch láidir inoiriúnaithe.

... Infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus samhail shóisialta láidir Eorpach a chur chun cinn

Tá cothroime idirghlúine láidir i gcás ina gcuireann beartais le cumas daoine páirt a ghlacadh sa tsochaí, oiriúnú d’athruithe agus pleanáil a dhéanamh ar feadh a saoil. Is éard atá i gceist leis sin córais láidre cosanta sóisialta agus cúraim shóisialta, inar féidir le gach duine, ag gach céim den saol, brath ar thacaíocht nuair a theastaíonn sé³¹.

Tá **scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil** ríthábhachtach chun a áirithiú gur féidir le gach glúin oiriúnú don athrú eacnamaíoch agus teicneolaíoch, agus chun é a chur ar a gcumas d’oibríthe scothaosta leanúint de bheith gníomhach an tráth céanna. Le tionscnaimh de chuid an Aontais amhail *Aontas na Scileanna* agus an *Limistéar Eorpach Oideachais*, tacaítear leis na Ballstáit riachtanais scileanna a réamh-mheas agus freagairt dóibh, uas-sciliú agus athsciliú a chur chun cinn chun síneadh a chur leis an saol oibre, an bhearna scileanna digiteacha a dhúnadh, córais oideachais agus oiliúna a nuachóiriú, agus, i gcás inar gá, tallann a mhealladh

³⁰ Féach mar shampla *an Straitéis Eorpach maidir le Tionsclaíocht*, an *Compás Iomaíochais* nó *Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú*

³¹ Clár de chuid an Aontais amhail *an Clár EU4Health*, nó tionscnaimh amhail an *Treochlár um Poist Dea-cháilíochta*, *Straitéis AE i gcoinne na bochtaineachta* atá ar na bacáin, an *Ráthaíocht Eorpach neartaíthe do Leanáí*, *Straitéis Cúraim na hEorpa* agus an *Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúraim fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán*, is é is aidhm dóibh rochtain ar chúram a neartú agus tacú le cúramóirí, poist ardcháilíochta a chothú, rochtain ar sheirbhísí agus ar phríomhchosantí a áirithiú agus deireadh a chur le fáinne fi na bochtaineachta.

ó lasmuigh den Eoraip ³². *An Tionscnamh maidir le cairpéad gorm* atá san áireamh i Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, tacaíonn sé le gairmithe ardoilte, mic léinn agus taighdeoirí a mhealladh chuig *Roghnaigh an Eoraip* agus chun iad a choinneáil ann.

Tá ról lárnach ag **beartais láidre chultúrtha agus spóirt** maidir leis an gcothroime idirghlúine a chur chun cinn, an cuimsiú sóisialta a neartú agus bonn taca a chur faoin inbhuanaitheacht fhadtéarmach trí rannpháirtíocht, dlúthpháirtíocht agus luachanna comhroinnte a chothú ar fud aoisghrúpaí.

Tacaíonn **cláir de chuid an Aontais amhail Erasmus+** le forbairt scileanna, saoránacht ghníomhach agus foghlaim ar feadh an tsaoil do gach aoisghrúpa, cuidíonn siad le forbairt inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha, na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin a chothú agus (go háirithe trína shraith óige) cuireann siad cothroime agus foghlaim idirghlúine chun cinn. Tacaíonn an *Cór Dlíthpháirtíochta Eorpach*³³ le foirne saorálaithe idirghlúine ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach chun scileanna, príomhinniúlachtaí agus luachanna Eorpacha a shealbhú, rud a chuireann leis an dlúthpháirtíocht agus leis an gcothroime idirghlúine.

Tá **inacmhainneacht tithíochta** tagtha chun cinn mar dhúshlán idirghlúine atá le feiceáil go háirithe³⁴. Tá méadú ag teacht ar na bacainní atá roimh dhaoine óga maidir le rochtain a fháil ar thithíocht shóisialta atá dea-nasctha agus inacmhainne, agus tá go leor daoine scothaosta ag maireachtáil i ndálaí neamhleora nó go huaigineach. Rannchuidíonn gníomhaíocht an Aontais trí infheistíochtaí, bearta cumasúcháin, athchóirithe a spreagadh agus tionscnaimh spriocdhírithé lena bhfeabhsaítear rochtain ar thithíocht inacmhainne agus leordhóthanach, rud a chomhlánaíonn iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Ardaíonn sochaithe atá ag dul in aois ceisteanna idirghlúine freisin maidir le leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht pinsean, sláinte agus cúram fadtéarmach, rud a fhágann go gciallaíonn cothroime idirghlúine cothromaíocht a bhaint amach idir leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach³⁵. Chun dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as claochluithe déimeagrafacha agus as claochluithe i margadh an tsaothair, tá gá le meascán leathan beartas, lena n-áirítear pinsin fhorlíontacha a neartú chun ioncam seanaoise breise a chur ar fáil do dhaoine atá ar scor³⁶.

Leis an **Straitéis um Aontas na hUllmhachta**³⁷ – i gcomhréir le tuarascáil Niinistö dar teideal ‘Safer Together – A path towards a fully prepared Union’ [Níos Sábháilte le Chéile – Conair i dtreo Aontas lán-ullmhaithe]³⁸ – cuirtear cur chuige uile-shochaí i leith na hullmhachta agus na

³² Is é is aidhm d’*Aontas na Scileanna* a ghlac an Coimisiún in 2025 tacú le córais oideachais, oiliúna agus scileanna ardcháilíochta, chuimsitheacha agus inoiriúnaithe a fhorbairt chun daoine ar fud na hEorpa a chumhachtú leis na scileanna a theastaíonn uathu chun go mbeidh rath orthu, agus chun iomaíochas an Aontais a mhéadú, le tionscnaimh amhail Scéim Tacaíochta um Bunscoleanna, Clár Oibre an Aontais Eorpaigh le haghaidh Múinteoirí agus Oiliúnóirí, Comhghuaillíochtaí Eorpacha Scoileanna, agus Treochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha.

³³ [An Cór Dlíthpháirtíochta Eorpach | Tairseach Eorpach na hÓige](#)

³⁴ Leag an Painéal Saoránach Eorpach maidir le Cothroime Idirghlúine béim ar a thábhachtaí atá *tithe sábháilte, pobail láidre agus maireachtáil faoi dhínit do gach glúin*.

³⁵ Foilseoidh an Coimisiún roinnt tuarascálacha in 2027 maidir le córais cosanta sóisialta. Sa Tuarascáil ar Chosaint Shóisialta Leordhóthanach sa Seanaois, déanfar anailís ar bhealach comhtháite ar an gcaoi a gcuidíonn córais cosanta sóisialta na hEorpa le caighdeáin mhaireachtála an daonra scothaosta a chosaint trí bheartais phinsin, trí chúram fadtéarmach agus trí bheartais ghaolmhara, agus díreofar i dTuarascáil 2027 ar an Aois ar réamh-mheastacháin lena léireofar an tionchar eacnamaíoch agus buiséadach a bheidh ag daonra atá ag dul in aois san fhadtéarma, lena gcumhdófar an tréimhse suas le 2080.

³⁶ D’eisigh an Coimisiún sraith tionscnamh i mí na Samhna 2025, chun forbairt agus glacadh pinsean forlíontach a chur chun cinn sna Ballstáit, lena n-áirítear *an Moladh ón gCoimisiún maidir le córais rianaithe pinsean, deaiseanna pinsean agus uathchláirí*, C/2025/9300 final.

³⁷ [Straitéis um Aontas na hUllmhachta](#)

³⁸ [Safer Together: A path towards a fully prepared Union \[Níos Sábháilte le Chéile: Conair i dtreo Aontas lán-ullmhaithe\] - an Coimisiún Eorpach](#)

slándála chun cinn lena mbaineann gníomhaíochtaí atá dírithe ar na glúine níos óige agus níos sine agus ar dhaoine leochaileacha.³⁹

Is é is aidhm don **Sciath Eorpach don Daonlathas agus straitéis an Aontais don tsochaí shibhialta** athléimneacht dhaonlathach a neartú trí chur chuige uile-shochaí a ghlacadh, i measc nithe eile trí rannpháirtíocht shibhialta agus naisc idirghlúine a neartú⁴⁰. Trí shláine chóras daonlathach an lae inniu a chosaint, rannchuidítear lena áirithiú go bhfaighidh na glúine amach anseo timpeallacht pholaitiúil atá bunaithe ar thrédhearcacht, ar rannpháirtíocht agus ar chuntasacht, ar réamhriachtanas lárnach é don chothroime idirghlúine.

...An t-aistriú dúbailte a chur chun cinn laistigh de theorainneacha pláinéadacha

Tá impleachtaí soiléire idirghlúine ag aistriú glas agus ag aistriú digiteach an Aontais. Iarrtar iontu go ndéanfaí athmhachnamh ar an gcaoi a n-úsáideann an tAontas acmhainní, ar an gcaoi a gcosnaíonn sé a éiceachórais, ar an gcaoi a ndéanann sé oibrithe, gnólachtaí agus saoránaigh a fheistiú, ar an gcaoi a gcuireann sé iomaíochas ar fáil, ar an gcaoi a n-urramaíonn sé na teorainneacha éiceolaíocha nach mór do na glúine amach anseo maireachtáil laistigh díobh.

Tá beartais aeráide agus chomhshaoil an Aontais i gcroílár ghníomhaíocht an Aontais chun an pláinéad a chosaint dóibh siúd atá fós le teacht. Tá gnéithe idirghlúine ina ndlúthchuid den bheartas aeráide toisc go dtugtar le tuiscint le haon mhoill ar ghníomhaíocht go mbeidh costais níos airde ann do na glúine amach anseo. Is é is aidhm do thionscnaimh shuaitheanta an *Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip* agus an *Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan* aeráidneodracht a bhaint amach, astaíochtaí agus úsáid acmhainní finideacha a laghdú, truailliú a laghdú, ciorclaíocht a mhéadú, an bhithéagsúlacht a chosaint agus tacú le haistrithe glasa ar fud earnálacha chun geilleagar iomaíoch a thógáil. Soláthraíonn sócmhainní spásbhunaithe atá faoi úinéireacht an Aontais amhail *Copernicus* agus *Galileo* sonraí le beachtais gan chomhoiriúnú agus cumasaíonn siad faireachán agus cinnteoireacht eolasach. Leis an *gComhshocrú Aeráide Eorpach*, tugtar le chéile pobail, daoine aonair, eagraíochtaí ó gach cearn den Aontas agus ó ghlúine éagsúla chun dea-chleachtais a mhalartú, réitigh aeráide a fhorbairt agus cuidiú le hEoraip ghlan rathúil a thógáil. Leis an *Straitéis um Aontas na hUllmhachta*, iarrtar go dtreiseofaí an obair dheonach agus go neartófaí scileanna saoránachta agus ullmhachta. Cuidíonn an *Sásra um Aistriú Cóir*, lena n-áirítear an *Ciste* agus an *tArdán um Aistriú Cóir*, chomh maith leis an *gCiste Aeráide Sóisialta*, le neamhionannais nua a chosc trí thacaíocht a thabhairt do réigiúin, do phobail, do theaghlaigh leochaileacha, d'úsáideoirí iompair agus do ghnólachtaí beaga is mó a ndéanann an t-aistriú difear dóibh, lena n-áirithítear nach bhféadfar aon duine ar lár leis an aeráidneodracht⁴¹. Le tionscnaimh amhail *Clár Idirghlúine Gorm Chomhghuaillíocht an Atlantaigh Uile um Thaighde ar an Aigéan* agus *Clár Ambasadóirí Óige an Aontais maidir leis an mBithgheilleagar*, cumhachtaítear an óige chun páirt a ghlacadh i bplé beartais maidir leis an aigéan agus uisce, maidir le córais bhia inbhuanaithe agus maidir leis an mbithgheilleagar. Tá suíocháin thiomnaithe d'ionadaithe óige ag Ardán Eorpach na bPáirtithe Leasmhara maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce atá ar na bacáin, i gcomhréir leis an *Straitéis maidir le hathléimneacht i réimse an uisce*.

³⁹Féach mar shampla Gníomhaíocht 29 maidir le curaclaim scoile, Gníomhaíocht 30 maidir le cláir don óige agus Gníomhaíocht 27 maidir le feasacht ar rioscaí agus bagairtí, a mbaineann cuid di le daoine leochaileacha.

⁴⁰ *An Sciath Eorpach don Daonlathas agus Straitéis an Aontais Eorpaigh um an tSochaí Shibhialta*

⁴¹ D'fhoilsigh an Coimisiún a chéad *mholadh maidir le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht iompair* i mí na Bealtaine 2025. Leagadh béim ann ar ról rithábachtach an iompair maidir le forbairt eacnamaíoch, folláine agus cothroime shóisialta a chur chun cinn trí thacú le rochtain ar phoist ardháilíochta, lena n-áirítear do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiamh shóisialta agus do ghrúpaí leochaileacha áirithe den tsochaí, chomh maith lena rannchuidiú le cothroime agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a fheabhsú.

Leis an gclaochlú digiteach agus le teacht chun cinn na hintleachta saorga (IS), cuirtear deiseanna soiléire ar fáil don Eoraip feabhas a chur ar fholláine a saoránach, nuálaíocht inbhuanaithe a chothú, córas eolaíoch na hEorpa a neartú agus a iomaíochas a threisiú. Rannchuidíonn tionscnaimh dhigiteacha agus scileanna an Aontais trí thacú leis an litearthacht dhigiteach, le haistrithe córa saothair agus le húsáid fhreagrach IS ar bhealaí a bheidh ríthábhachtach chun lucht saothair an lae amárach a thógáil. Tá éiceachóras fabhrach á thógáil ag an Aontas freisin chun nuálaíocht cheannródaíoch a spreagadh i dteicneolaíochtaí nua amhail an intleacht shaorga, an néartheicneolaíocht agus an ríomhaireacht chandamach atá dírithe ar an duine, eiticiúil agus ceartbhunaithe⁴². Dá bhrí sin, chun cothroime idirghlúine a áirithiú sa ré dhigiteach, ní mór rochtain leathan ar bhonneagar digiteach, forbairt chuimsitheach scileanna ar fud gach aoise agus go háirithe do sheanáirí a áirithiú, chomh maith le IS agus nuálaíochtaí a chur in úsáid ar bhealach duinelárnach lena leathnaítear deiseanna seachas lena dtreisiú deighiltí⁴³. I gcomhréir leis sin, sheol an Coimisiún clár píolótach de dheontais bheaga le haghaidh tionscadail foghlama litearthachta sna meáin idirghlúine.

Tá teicneolaíocht an spáis mar bhonn agus mar thaca ag rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha, fás eacnamaíoch agus athléimneacht chomhshaoil. Faoi láthair, tá réimse an spáis ag éirí níos plódaithe – rud a mhéadaíonn na rioscaí dár sócmhainní spáis agus dár slándáil. Tá tionscnaimh amhail *Gníomh AE um Spás agus an Fhís don Gheilleagar Spáis* ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfuil an spás sábháilte, slán agus inbhuanaithe do na glúine amach anseo.

...Tionchar a imirt trí ghníomhaíocht áitiúil agus dhomhanda

Tá cothroime idirghlúine le feiceáil go háirithe i gcás ina bhfuil rochtain ar shlí beatha, ar shócmhainní agus ar dheiseanna i mbaol. In earnálacha na talmhaíochta, an iascaigh agus na tuaithe, tá an lucht saothair atá ag dul in aois agus bacainní arda ar iontráil ag bagairt ar inmharthanacht fhadtéarmach. Tacaíonn beartais an Aontais le hathnuachan ó ghlúin go glúin trí fheabhas a chur ar an rochtain ar thalamh agus ar mhuir, ar mhaoiniú, ar oiliúint agus ar aistriú eolais, agus trí limistéir thuaithe agus chósta a neartú mar áiteanna inar féidir le daoine óga todhchaí inmharthana a thógáil⁴⁴.

Ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, cuidíonn pobail láidre nasctha le taithí saoil a dhéanamh de bheartais fhadtéarmacha, tacaíonn siad le comhar ar fud aoisghrúpaí, feabhsaíonn siad cuimsiú agus laghdaíonn siad an líon daoine a bhíonn scoite amach ón bpobal a laghdú, go háirithe i gcomhthéacs an athraithe dhéimeagrafaigh⁴⁵, an uirbithe⁴⁶ nó an mhíbhuntáiste chríocheaigh. Bíonn tionchar ag rochtain ar sheirbhísí, soghluaisteacht, spásanna poiblí comhroinnte, bonneagar sóisialta agus cultúrtha áitiúil ar cé acu an féidir nó nach féidir le daoine ó ghlúine éagsúla páirt iomlán a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus daonlathach. Le gníomhaíocht an Aontais, go háirithe tríd an mBeartas um Chomhtháthú agus

⁴² Féach mar shampla [Rialachán \(AE\) 2024/1689](#) lena n-áirítear go bhfuil córais IS sábháilte, iontaofa agus go n-urramaíonn siad cearta bunúsacha agus an nuálaíocht á cur chun cinn an tráth céanna.

⁴³ Leag an Painéal Saoránach Eorpach maidir le Cothroime Idirghlúine béim ar a thábhachtaí atá sé *teorainneacha a bhunú le haghaidh úsáid IS chun rochtain fhreagrach agus caighdeán eiticiúla a áirithiú, agus chun rioscaí a d'fhéadfaidh a bheith ann a mhaolú.*

⁴⁴ Is é is aidhm don [Straitéis maidir le hathnuachan ó ghlúin go glúin sa talmhaíocht](#) an sciar feirmeoirí óga agus nua a dhúbailt, lena n-áirítear go leanfaidh an talmhaíocht de bheith nuálach, iomaíoch agus athléimneach. Tá sé ar aon dul leis an bPainéal Saoránach Eorpach maidir le Cothroime Idirghlúine freisin inar cuireadh i dtábhacht a thábhachtaí atá sé an fheirmeoireacht inbhuanaithe a neartú le tacaíocht airgeadais mhéadaithe ón Aontas agus le slándáil bia agus ceannasacht. Tabharfar aghaidh ar athnuachan ó ghlúin go glúin i bpoist a bhaineann leis an aigéan i *bhFís 2040 don iascach agus don docharshaothrú* (2026) agus sa *Straitéis um Athnuachan Gorm ó Ghlúin go Glúin* (2027).

⁴⁵ Cuirtear i dtábhacht i m*Bosca uirlisí déimeagrafaíochta 2023* na rioscaí d'iomaíochas fadtéarmach an Aontais a bhaineann le daonra an Aontais atá ag dul in aois. Comhcheanglaítear leis uirlisí an Aontais le beartais náisiúnta agus réigiúnacha chun gach glúin a chumhachtú, ionas go mbeidh siad in ann a roghanna saol agus barr a gcumais a bhaint amach sa gheilleagar agus sa tsochaí i gcoitinne.

⁴⁶ Le *Clár Oibre an Aontais do Chathracha 2025* neartaítear gnéithe críocheacha agus uirbeacha bheartais an Aontais agus déantar an tacaíocht atá ann cheana do cheantair uirbeacha a chuíchóiriú. Ina theannta sin, neartaíonn [Misean an chlár Fís Eorpach maidir le Cathracha Aeráidneodracha Cliste](#) athléimneacht agus nuálaíocht na sochaí trína fhócas sainráite ar rannpháirtíocht na saoránach agus ar rialachas ilpháirtithe leasmhara.

um Thalmhaíocht, tacaítear leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla athléimneacht ar leibhéal an phobail a neartú trí infheistíocht chríochach, trí fhorbairt chuimsitheach uirbeach, chósta agus tuaithe⁴⁷, agus trí rochtain níos fearr ar sheirbhísí. Is é is aidhm dó a áirithiú go bhfuil an *ceart* ag daoine *fanacht* ina dtithe féin agus go mbeidh rath orthu sna tithe sin.

Ar an leibhéal domhanda, tá cur chuige an Aontais fréamhaithe sna gealltanais iltaobhacha a tugadh le déanaí. Ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe don Todhchaí d’fhorghuine an tAontas agus a Bhallstáit an Comhshocrú don Todhchaí agus an Dearbhú maidir leis na glúine amach anseo, lena gcuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá an t-iltaobhachas agus ar chur chun cinn oird idirnáisiúnta riailbhunaithe, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár chun an tsíocháin a chur chun cinn⁴⁸. Léirítear sna pobalbhreitheanna is déanaí agus i bpainéil na Saoránach Eorpach go bhfuil *slándáil agus cosaint* an Aontais ar na hábhair inní is práinní atá ag muintir na hEorpa, go háirithe daoine óga na hEorpa. Is infheistíocht é neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach san Aontas a chuireann slándáil agus síocháin ar fáil dá shaoránaigh, nach bhfuil srianta ag éagobhsaíocht, spleáchas ná coinbhleachtaí, do an glúine uile atá ann faoi láthair agus do na glúine amach anseo. Le *Global Gateway*, straitéis infheistíochta seachtraí an Aontais, cinntítear go rannchuidíonn infheistíochtaí fadtéarmacha le tacú le cuspóirí beartais phoiblí i dtíortha comhpháirtíochta atá fréamhaithe sa chothroime idirghlúine, trí scileanna áitiúla, rannpháirtíocht na hóige, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus poist chuibhiúla a chur chun cinn, trí rannchuidiú le sochaithe níos glaise agus níos sláintiúla agus trí neamhionannais ilghnéitheacha a laghdú. Is é is aidhm do ghníomhaíocht dhomhanda an Aontais maidir leis an aeráid an comhar idirnáisiúnta a shlógadh chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus chun timpeallacht inbhuanaithe a áirithiú do na glúine amach anseo.

Is infheistíochtaí le haghaidh todhchaí shíochánta iad **an caidreamh le comharsanacht níos leithne an Aontais a neartú** agus ullmhacht agus cumais chosanta a fhorbairt trí ionstraim SAFE. Le creatáí comhair amhail an *Comhshocrú don Mheánmhuir*, tacaítear le tionscnaimh atá faoi chomhúinéireacht lena gcuirtear infheistíocht i scileanna, i bhforbairt eacnamaíoch, in athléimneacht agus i gcomhtháthú sóisialta chun cinn ar fud an réigiúin, agus aitheantas á thabhairt do ról na ndaoine – go háirithe daoine óga – mar thiomántóirí na nuálaíochta agus an rathúnais chomhroinnte.

Tá **méadú an Aontais** ar cheann de na hinfeistíochtaí fadtéarmacha is iarmhartaí de chuid an Aontais freisin. Le próiseas méadaithe atá inchreidte, cothrom agus bunaithe ar fhiúntas, neartaítear an tsíocháin, an chobhsaíocht agus deiseanna, agus leathnaítear na hionchais do dhaoine óga sna Ballstáit atá ann faoi láthair agus i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha araon. Sa chiall sin, is gealltanais idirghlúine é an méadú chomh maith le gealltanais geopholaitiúil. I gcomhréir le cuspóirí an Choimisiúin, iarrfar ar thíortha is iarrthóirí agus ar thíortha is iarrthóirí ionchasacha páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí a chuirtear i láthair sa straitéis seo in éineacht le Ballstáit an Aontais nuair is féidir agus nuair is indéanta.

⁴⁷ Chun a áirithiú gur féidir le ceantair thuaithe leanúint de na ról fhíor-riachtanacha sin a imirt, d’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach [an fhís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais](#) atá aige suas go dtí 2040 in 2025. Tá coinne le straitéisí comhchosúla do phobail chósta agus d’oileáin in 2026.

⁴⁸ Cuireadh i dtábhacht sa Phainéal Saoránach Eorpach maidir le Cothroime Idirghlúine a thábhachtaí atá sé *taidhleoireacht agus ról síochánaíochta an Aontais a neartú mar an phríomhuirlis chun coinbhleachtaí a réiteach*

6. Na chéad chéimeanna eile - oibriú i gcomhar ar mhaithe le cothroime idirghlúine

Ní beartas aonair í an chothroime idirghlúine, ach bealach chun beartas a cheapadh lena gcuirtear tionchair fhadtéarmacha san áireamh go comhsheasmhach agus lena bhféachtar lena áirithiú nach mbainfidh cinntí a dhéantar inniu an bonn den fholláine amach anseo ach go ndéanfaidh siad an fholláine sin a fheabhsú.

Chun cothroime idirghlúine a chur chun cinn, tá gá le hiarracht leanúnach d'aon ghnó le himeacht ama, seachas athchóiriú aonuaire. Éilíonn sé cineálacha cur chuige atriallacha, machnamhacha agus oiriúnaitheacha is féidir a fhorbairt de réir mar a athraíonn riachtanais, fianaise agus imthosca, agus atá leabaithe sna próisis ceaptha beartas atá ann cheana.

Laistigh den phróiseas sin, is féidir leis an gCoimisiún Eorpach dea-shampla a thabhairt, trí na prionsabail a chuireann sé chun cinn a chur i bhfeidhm agus trí úsáid éifeachtach a bhaint as na huirlisí atá ann cheana chun breithnithe fadtéarmacha a chomhtháthú níos fearr ina chuid oibre. Beidh an dul chun cinn ag brath ar chomhar ar fud institiúidí an Aontais agus leis na Ballstáit, agus ar rannpháirtíocht ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.

Léirítear cothroime idirghlúine cheana féin i raon tionscnamh, cleachtas agus roghanna beartais de chuid an Aontais. Cuireann an straitéis seo leis an réaltacht sin trí thacú le comhleanúnachas, infheictheacht agus malartú taithí níos fearr, agus trí mhachnamh a spreagadh ar an gcaoi ar féidir peirspictíochtaí fadtéarmacha a neartú laistigh de na creataí atá ann cheana.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh machnamh a dhéanamh, laistigh dá ról faoi seach, ar conas is féidir gnéithe idirghlúine a chur san áireamh a thuilleadh i gceapadh beartas. Moltar do Bhallstáit an Aontais leanúint den smaointeoireacht fadtéarmach a leabú sa chinnteoireacht phoiblí, i gcomhréir le comhthéacsanna agus inniúlachtaí náisiúnta agus chun an fheasacht ar ghnéithe éagsúla den chothroime idirghlúine a mhéadú.

Trí na cineálacha cur chuige sin a threisiú, is féidir leis an Aontas aistriú ó phrionsabail go cleachtas níos comhsheasmhaí, rud a chuirfidh feabhas ar chumas na mbeartas poiblí cothromaíocht a bhaint amach idir na riachtanais atá ann faoi láthair agus na freagrachtaí a bheidh ann amach anseo agus tacú le torthaí níos fearr do na glúine atá ann faoi láthair agus do na glúine amach anseo.